Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022
(OR. fr, en)

8642/1/22
REV 1

LIMITE

CORLX 405
CFSP/PESC 569
RELEX 578
COEST 370
FIN 516

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Cinneadh agus Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin |

1. An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise, ar leasaíodh a ainm chun go léitear 'Cinneadh 2012/642/CBES i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin'. Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, tugtar éifeacht do bhearta dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES. Cuireadh síneadh leis na bearta go deireanach le Cinneadh (CBES) 2022/307 ón gComhairle go dtí an 28 Feabhra 2023.

2. Sna conclúidí uaithi an 24 Márta 2022, dúirt an Chomhairle Eorpach go raibh an tAontas réidh le lúba ar lár a chur ina gceart agus díriú ar aon teacht timpeall atá á dhéanamh nó a d'fhéadfaí a dhéanamh. An 31 Bealtaine 2022, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go raibh sí tiomanta géarú ar an mbrú atá á chur ar an Rúis agus ar an mBealarúis ionas go ndéanfar an cogadh atá á fhearadh ag an Rúis ar an Úcráin a chur ó mhaith.

3. I bhfianaise thromchúis na staide sa Bhealarúis, is iomchuí tuilleadh beart sriantach a thabhairt isteach.

4. Ar an mbonn sin, chuir an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle an 3 Bealtaine 2022, tograí le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme (8638/22) ón gComhairle agus Rialachán Cur Chun Feidhme (8640/22) ón gComhairle, lena gcuirtear na liostaithe breise sin chun feidhme.

5. Iarrtar ar COREPER, dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:

– an dréachtchinneadh agus an dréachtrialachán cur chun feidhme ón gComhairle a chomhaontú;

– cinneadh a dhéanamh, i gcomhréir le hAirteagal 12(1), an chéad fhomhír de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/430 ón gComhairle, go n-úsáidfidh an Chomhairle an nós imeachta i scríbhinn chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

  – an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, mar a leagtar amach in 8639/22 é, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs, a ghlacadh;

  – an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8(a) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin, mar a leagtar amach in 8641/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga, a ghlacadh;

  – na fógraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas;

  – an teimpléad don litir fógra atá le seoladh chuig na daoine a bhfuil a seoladh ar fáil, a fhormheas, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an nóta seo í.

PUBLIC

<u>**IARSCRÍBHINN I**</u>

PUBLIC

**Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh (CBES) 2022/[*uimhir*] ón gComhairle[+], agus i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/[*uimhir*] ón gComhairle[++++] maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise**

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird na ndaoine a luaitear san iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/[*uimhir*][+] ón gComhairle, agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/[*uimhir*][++] ón gComhairle, maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine sin a áireamh ar liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle. Tugtar na forais leis na daoine sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hiarscríbhinní sin.

Tugtar d’aire na ndaoine lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh an 30 Samhain 2022. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

---

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8639/22 é.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin, mar a leagtar amach in 8641/22 é.

Council of the European Union
General Secretariat
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an athbhreithnithe thréimhsiúil a dhéanfaidh an Chomhairle, de bhun Airteagal 8(2) de Chinneadh 2012/642/CBES agus Airteagal 8a(4) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe.

PUBLIC

**Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí sin a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise**

PUBLIC

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na hábhair sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh 2012/642/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/[*uimhir*] ón gComhairle[+], agus Rialachán (CE) Uimh. 65/2006, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/[*uimhir*] ón gComhairle[++].

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh – agus Ard-Stiúrthóir RELEX (Gnóthaí Eachtracha) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag gníomhú ar a son – rialaitheoir na hoibríochta próiseála sin; is é RELEX.1 an roinn faoina bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag:

Council of the European Union
General Secretariat
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

---

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8639/22 é.

[++] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin, mar a leagtar amach in 8641/22 é.

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2012/642/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2022/[uimhir] ón gComhairle+, agus Rialachán (CE) Uimh. 765/2006, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/[uimhir]++ ón gComhairle.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2012/642/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 765/2006.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis.

Féadfar pé sonraí pearsanta a bhaileofar a roinnt, de réir mar is gá, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus leis an gCoimisiún.

Gan dochar d'aon srianta dá bhforáiltear de bhun Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725, déanfar feidhmiú chearta na n-ábhar sonraí, amhail an ceart chun rochtana, chomh maith leis na cearta chun ceartúcháin nó chun agóid a dhéanamh, a fhreagairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725.

Coimeádfar sonraí pearsanta go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach nó ón uair a dtéann bailíocht an bhirt in éag, nó go ceann ré na n-imeachtaí cúirte i gcás tús a bheith curtha leo.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

---

+ IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8639/22 é.

+ + IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir agus sonraí foilseacháin an Rialacháin, mar a leagtar amach in 8641/22 é.



PUBLIC

PUBLIC

Template letter for persons whose address is known

This is to inform you that the Council of the European Union has decided to include your [name/company] on the list of persons and entities subject to restrictive measures in the in the Annex to Council Decision 2012/642/CFSP, as implemented by Council Implementing Decision (CFSP) 2022/[*number*][+], and in Annex I to Council Regulation (EC) No 765/2006 as implemented by Council Implementing Regulation (EU) 2022/[*number*][++], concerning restrictive measures in view of the situation in Belarus. The grounds for designation appear in the relevant entries in those Annexes.

Your attention is drawn to the possibility of making an application to the competent authorities of the relevant Member State(s) as indicated in the websites in Annex II to Council Regulation (EC) No 765/2006, in order to obtain an authorisation to use frozen funds for basic needs or specific payments (cf. Article 3 of the Regulation).

You may submit a request to the Council, together with supporting documentation, that the decision to include you on the above-mentioned list should be reconsidered, before 30 November 2022, to the following address:

Council of the European Union
General Secretariat
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

e-mail: sanctions@consilium.europa.eu

Any observations received will be taken into account for the purpose of the Council's next review, pursuant to Article 10 of Decision (CFSP) 2019/797, of the list of designated persons and entities.

Your attention is also drawn to the possibility of challenging the Council's decision before the General Court of the European Union, in accordance with the conditions laid down in Article 275, 2nd paragraph, and Article 263, 4th and 6th paragraphs, of the Treaty on the Functioning of the European Union.

[You are also informed of the Notice (2022/C xx/xx)[1] for the attention of the data subjects to whom the restrictive measures provided for in Council Decision 2012/642/CFSP and in Council Regulation (EC) No 765/2006 apply].

PUBLIC

---

[1] Official Journal reference